Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 1 Aibreán 2019
(OR. en)

7883/19

Comhad Idirinstitiúideach:
2019/0027(COD)

CODEC 792
FSTR 50
FC 27
REGIO 68
SOC 248
AGRISTR 25
PECHE 147
CADREFIN 171
POLGEN 61

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 maidir leis na hacmhainní don leithdháileadh sonrach don Tionscnamh um Fhostaíocht don Aos Óg **(an chéad léamh)**<br>- Glacadh an ghnímh reachtaigh |

1. Ar an 1 Feabhra 2019, chuir an Coimisiún an togra thuasluaite[1], atá bunaithe ar Airteagal 177 CFAE, ar aghaidh chuig an gComhairle.

2. Thug Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thuairim uaidh ar an 20 Márta 2019[2].

3. Chuathas i gcomhairle le Coiste na Réigiún.

[1] 6197/19.
[2] Gan a bheith foilsithe fós san IO.

4. Ar an 27 Márta 2019, ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh maidir leis an togra ón gCoimisiún. Is léiriú é toradh na vótála i bParlaimint na hEorpa ar an gcomhaontú comhréitigh ar tháinig na hinstitiúidí air agus, dá bhrí sin, ba cheart go mbeadh glacadh ag an gComhairle leis[3].

5. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá bhrí sin, a dheimhniú go n-aontaíonn sé leis sin agus iarrtar air a mholadh don Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, mar a leagtar amach in PE-CONS 66/19 é, a fhormheas mar ítim "A" ar chlár oibre ceann de na cruinnithe a bheidh ann amach anseo.

Má fhormheasann an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, glacfar an gníomh reachtach.

Nuair a bheidh an gníomh reachtach sínithe ag Uachtarán Pharlaimint na hEorpa agus ag Uachtarán na Comhairle, déanfar é a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

---

[3] 7803/19.